

# An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí



*An Dara hEagrán, 2012*

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



**The Teaching Council**

**An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí arna fhoilsiú ag  
an gComhairle Mhúinteoireachta de réir alt 7(2)(b) den Acht  
um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001**

# **An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí**

*An Dara hEagrán, 2012*

---

# Brollach

---


Is é ról na gComhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta agus iompar gairmiúil múinteoirí a rialú, caighdeán ghairmiúla a bhunú agus a chothabháil, tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus gairm na múinteoireachta a chur chun cinn. Ba chéim mhór chun cinn i bhforbairt ghairm na múinteoireachta in Éirinn bunú na Comhairle i 2006, rud a bhí á éileamh ar feadh na mblianta ag a lán daoine atá bainteach le gairm na múinteoireachta.

Faoi láthair, tá nach mór 73,000 múinteoir cláraithe in Éirinn, agus iad ag cur oideachas ar fáil ag leibhéal an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais. Le breis agus 4,000 scoil agus an bhreisoideachais ina bhfuil nach mór milliún dalta/mac léinn, cuireann gairm na múinteoireachta go mór leis an tsochaí. Toisc an traidisiún seirbhíse fadbhunaithe in Éirinn, tá leibhéal ard iontaoibhe agus muiníne ag an bpobal as an ngairm mar a léirigh taighde a rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta i 2009.

Bhí glacadh *Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* i 2007 i measc na bhforbairtí tábhachtacha ar cuireadh tús leo le blianta beaga anuas chun neart agus bonn a chur faoin múinteoireacht in Éirinn. Rinneadh é seo de réir Alt 7(2)(b) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ina ndéantar foráil go gcuirfidh an Chomhairle “cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí, lena n-áireofar caighdeán mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta” ar fáil.

Thug an Chomhairle gealltanas go ndéanfaí Cóid 2007 a athbhreithniú laistigh de thréimhse trí nó ceithre bliana. Nuair a bhí tús á chur leis an athbhreithniú i 2009, thug an Chomhairle aird ar roinnt forbairtí a tharla san idirthréimhse ar a n-áirítear foilsiú *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúcháin], 2009* agus an *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* ón gComhairle. Foilsíodh Dréacht Chód Leasaithe i 2011 tar éis mórphróiseas comhairliúcháin le páirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara, ar a n-áirítear an pobal i gcoitinne, múinteoirí agus comhlachtaí leasmhara. Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta aird chuí ar na haighneachtaí agus ar na tuairimí uile a cuireadh ar fáil agus tá faomhadh tugtha aici anois don *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* (An Dara hEagrán) de réir cheanglais an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta do dheimhniú go ndéanfar an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* a chur chun cinn, agus go gcloífear leis, ionas gur féidir iontaoibh agus muinín an phobail as gairm na múinteoireachta a chothú.



Micheál Ó Gríofa  
Cathaoirleach



Tomás Ó Ruairc  
Stiúrthóir

Dáta: 28 Bealtaine 2012

---

# Gluais

---

## **Dalta/Mac Léinn**

Baineann an Cód le múinteoirí cláraithe ag leibhéal an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais mar aon le hearnáil an bhreisoideachais. Baineann an téarma “dalta/mac léinn” le foghlaimeoirí ag leibhéal an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais.

## **Tuismitheoir**

Baineann an téarma “tuismitheoir” le tuismitheoirí agus le caomhnóirí dlíthiúla.

## **Múinteoir**

Baineann an téarma “múinteoir” le múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

# Réamhrá

Tá cáil ar ghairm na múinteoireachta in Éirinn toisc an tseirbhís den chéad scoth a chuirtear ar fáil. Déanann an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* na luachanna agus na caighdeáin, a bhfuil taithí fhada ag daltaí/mic léinn atá páirteach sa chóras oideachais orthu, a atuirisciú agus a léiriú go follasach.

## Feidhm an Chóid

Baineann an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* le gach múinteoir cláraithe.

Tá trí fheidhm aige:

1. Is treoir é do mhúinteoirí atá ag iarraidh dualgais a ngairme a chomhlíonadh ar shlí eiticíúil, mheasúil agus onóir agus dínit ghairm na múinteoireachta a chaomhnú.
2. Beidh sé in úsáid ag pobal an oideachais agus ag an bpobal níos leithne chun bonn eolais a chur faoina dtuiscint ar ghairm na múinteoireachta in Éirinn agus faoina n-ionchais i ndáil léi.
3. Tá údarás tábhachtach dlí ag baint leis agus bainfidh an Chomhairle úsáid as mar phointe tagartha agus a feidhmeanna imscrúdaitheacha agus araíonachta á gcomhlíonadh aici faoi Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, a bhaineann le hoiriúnacht don teagasc.

Déantar mí-iompar gairmiúil ag múinteoir cláraithe a shainmhíniú in Alt 41 den Acht mar seo a leanas:

“(a) gabháil d’iompar atá contrártha do chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle faoi alt 7(2)(b);

(b) gabháil d’aon iompar míchuí ina cháil nó ina cáil ghairmiúil nó ar shlí eile, ar dá bharr atá sé nó sí neamhfheidhmiúil chun múineadh.”

Beartaítear go ndéanfaidh an Chomhairle a cumhachtaí ina leith seo a fheidhmiú nuair a bheidh an éifeacht dlí riachtanach tugtha do Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta.

Maidir le gach gearán ar leith faoi mhúinteoir cláraithe, tabharfaidh an Chomhairlebreithmheas, de réir a nósanna imeachta le léiriú an ionann an t-iompar faoina ndéantar gearán agus mainneachtain thromchúiseach, ó thaobh an mhúinteora de, na caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta, inniúlachta agus iompar a mbeifí ag súil leo go réasúnta, a chomhlíonadh.

Leanfar leis na nósanna imeachta atá aontaithe go náisiúnta chun plé le deacrachtaí agus le gearáin ag leibhéal scoile agus creideann an Chomhairle, i bhformhór na gcásanna, gurb é an cur chuige seo is fearr chun fadhbanna a thagann chun cinn ó lá go lá sa chóras oideachais a réiteach.

## Struchtúr an Chóid

Agus na trí fheidhm thuasluaite chun tosaigh, tosaíonn an Cód trí bhunús eiticíúil a rianú do ghairm na múinteoireachta. Tá sé seo cuimsithe sna luachanna **Meas, Cúram, Macántacht** agus **Muinín** atá le sonrú tríd an gCód. Bíonn na croíluachanna seo mar bhunchloch ag obair an mhúinteora agus é nó í ag tabhairt faoina g(h)airm a chleachtadh.

Déanann an Cód cur síos ansin ar na caighdeáin a bhíonn ag croílár na múinteoireachta agus a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Déanann na caighdeáin freagrachtaí gairmiúla múinteoirí a aithint agus déantar iad a leagan amach i bhfoirm ráiteas faoi shé cheannteideal ar leith: luachanna agus caidrimh ghairmiúla; macántacht ghairmiúil; iompar ghairmiúil; cleachtas ghairmiúil; forbairt ghairmiúil; comhghleacaíocht agus comhoibriú ghairmiúil. Tugann na caighdeáin léiriú ar chastacht agus ar éagsúlacht na múinteoireachta agus tabharfaidh siad treoir do bhreithiúnas agus cleachtas ghairmiúil.

## Comhthéacs

Tagann an Cód leis an *bPolasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí* ón gComhairle a bhreathnaíonn ar an múinteoir mar chleachtóir machnamhach a bhfuil sé mar phríomhról aige/aici oideachas a chur ar dhaoine. Breathnaítear ar mhúinteoirí freisin mar bhaill de phobail foghlama ghairmiúla agus moltar go mbeadh ról ag an ngairm maidir le tacú le hábhair oidí agus le múinteoirí nuacháilithe. Tá forbairt déanta freisin ar an gCód i gcomhthéacs ról na Comhairle amach seo maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach<sup>1</sup>.

Agus an Cód á ghlacadh agus á chur chun cinn aici, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta san airdeall, ach go háirithe, faoin gcomhthéacs níos leithne ina dtarlaíonn teagasc.

Tá an Chomhairle aireach ar chearta daltaí /mic léinn, ar a n-áirítear a gceart a dtuairimí a nochtadh i ndáil le gnóthaí a bhaineann leo.

Tá an Chomhairle aireach freisin ar chearta tuismitheoirí agus cearta múinteoirí mar aon leis na freagrachtaí a thagann leis na cearta sin. Tá forbairt tagtha ar shineirge luachmhar idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus tá an-seans go mbeidh buntáiste ag a leithéid do dhaltaí/mhic léinn agus dá gcuid oideachais.

Tuigeann an Chomhairle luach sibhialta agus sóisialta an oideachais agus an tionchar rímhór atá ag gairm na múinteoireachta ar fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann le fada anuas. Tuigtear freisin an príomhról a bhíonn ag oideachasóirí múinteoirí maidir le cáilíocht na múinteoireachta a chinntiú. Creideann an Chomhairle gur fiú don Stát agus don phobal aird a thabhairt ar an oideachas, ar ghairm na múinteoireachta agus ar phróiseas oiliúna na múinteoirí, agus tacaíocht ghníomhach a chur ar fáil dóibh.

Tá an Chomhairle tuisceanach freisin ar an iliomad tosaí nach bhfuil faoi smacht múinteoirí ach a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre, ar a n-áirítear:

- rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus an phobail níos leithne
- tiomantas agus rannpháirtíocht na ndaltaí/mac léinn
- fáil ar acmhainní agus ar thacaíochtaí
- deiseanna ag múinteoirí forbairt ghairmiúil a dhéanamh
- luas ard na n-athruithe san oideachas
- luas na n-athruithe sa reachtaíocht
- tosaí eacnamaíochta agus sóisialta.

Creideann an Chomhairle go gcuireann an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* bonn eiticíúil ar fáil mar aon le caighdeáin fhollasacha iompair a gcaithfear cloí leo i gcónaí, agus an comhthéacs níos leithne mar atá luaite thuas san áireamh.

Mar fhocal scoir, cuimsíonn an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* na heitici bunúsacha a chuireann bonn faoi obair mhúinteoirí. Tá cur síos ar na croíluachanna agus ar na caighdeáin ghairmiúla a dtaobhaíonn múinteoirí leo i dtéarmaí ar féidir le hoideachasóirí agus le gach duine eile a bhfuil spéis acu san oideachas iad a rochtain. Toisc go mbíonn tionchar ag an gcóras oideachais ar gach baile sa tír nach mór, agus toisc go dtéann sé i bhfeidhm chomh mór sin ar an oiread sin daoine, tá sé ríthabachtach go mbeadh córas luachanna agus caighdeáin ghairmiúla ghairm na múinteoireachta soiléir agus sothuigte.

Creideann an Chomhairle Mhúinteoireachta go ndéanfaidh faomhadh an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* seo iontaobh agus muinín na sochaí as múinteoirí a shaibhriú agus a dhoimhniú.

<sup>1</sup> Ag am an fhoilsithe, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta d'fhorbairt creata náisiúnta agus treoirilínte don FGL i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

# Caighdeáin Mhúinteoireachta, Eolais, Oilteachta, Inniúlachta agus Iompair

Is é ról an mhúinteora oideachas a chur ar dhaoine. Tá na luachanna eiticiúla seo a leanas mar bhunchloch na gcaighdeán múinteoireachta, eolais, oilteachta, inniúlachta agus iompair atá leagtha amach sa Chód seo.

## Meas

Seasann múinteoirí le dínit an duine agus cothaíonn siad cothromas agus forbairt mhothúchánach agus chognaíoch. Ina gcleachtas gairmiúil, léiríonn múinteoirí meas ar luachanna spioradálta agus cultúrtha, ar ilchineálacht, ar cheartas sóisialta, ar shaoirse, ar dhaonlathas agus ar an timpeallacht.

## Cúram

Bíonn cleachtas múinteoirí spreagtha ag leas is fearr na ndaltaí/mac léinn faoina gcúram. Léiríonn múinteoirí é seo trí thionchar dearfach a imirt, trína mbreithiúnas gairmiúil agus trína gcleachtas ionbháúil.

**Is é ról an mhúinteora oideachas a chur ar dhaoine.**

## Macántacht

Bíonn ionracas, iontaofacht agus gníomhú morálta mar chodanna dílse den mhacántacht. Léiríonn múinteoirí macántacht trína dtiomantas dá ngairm, agus trína bhfreagrachtaí agus a ngníomhaíochtaí gairmiúla.

## Muinín

Bíonn caidrimh mhúinteoirí le daltaí/mic léinn, le comhghleacaithe, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le bainistíocht scoile agus leis an bpobal bunaithe ar mhuinín. Bíonn cothroime, oscailteacht agus ionracas mar chodanna dílse den mhuinín.



**Thar ceann ghairm na múinteoireachta, déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta na caighdeáin seo a leanas a leagan amach a bhaineann le gach múinteoir cláraithe, gan aird ar an stádas atá acu.**

## 1. Luachanna agus Caidrimh Ghairmiúla

Ba chóir do mhúinteoirí:

- 1.1. a bheith comhbhách, cothrom agus tiomanta do leas is fearr na ndaltaí/mac léinn faoina gcúram, agus ba chóir dóibh tabhairt faoi iarracht agus rath a ghríosadh, a spreagadh agus a cheiliúradh
- 1.2. aitheantas a thabhairt do, agus meas a léiriú ar, uathúlacht, indibhidiúlacht agus sainriachtanais daltaí/mhic léinn agus a bhforbairt iomlánaíoch a chur chun cinn
- 1.3. a bheith tiomanta don chomhionannas agus don chuimsitheacht agus do mheas a léiriú agus freastal ar inchineálacht ar a n-áirítear na difríochtaí a eascraíonn as inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, eitneachas, ballraíocht phobal na dtaistealaithe agus stádas socheacnamaíoch, agus aon chúinsí eile a d'fhéadfadh a bheith luaite i reachtaíocht comhionannais sa todhchaí
- 1.4. tabhairt faoi chaidrimh dhearfacha a fhorbairt le daltaí/mic léinn, le comhghleacaithe, le tuismitheoirí, le bainistíocht scoile agus le daoine eile i bpobal na scoile, is caidrimh a mbíonn an mhacántacht mar aon le breithiúnas gairmiúil mar shaintréithe acu
- 1.5. gníomhú chun cultúr comh-mhuiníneach agus comh-mheasúil a bhunú agus a chothabháil ina scoileanna.

## 2. Macántacht Ghairmiúil

Ba chóir do mhúinteoirí:

- 2.1. gníomhú ar shlí a léiríonn ionracas agus macántacht ngach gné dá gcuid oibre
- 2.2. meas a léiriú ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht an eolais a fhaigheann siad i gcúrsa a gcleachtais ghairmiúil, ach amháin más gá an t-eolas sin a nochtadh i bhfianaise riachtanas dlíthiúil nó má bhíonn imní dlisteanach faoi fholláine duine
- 2.3. iad féin, a stádas gairmiúil, a gcáilíochtaí agus a dtaithe a chur i láthair go hionraic
- 2.4. a n-ainm(neacha) a úsáid mar atá ar Chlár na Múinteoirí, agus iad i mbun a gcuid dualgas gairmiúil
- 2.5. coimhlint a sheachaint idir a gcúraimí gairmiúla agus a ngnóthaí pearsanta a bhféadfaí a rá go réasúnta go mbeadh tionchar diúltach ag a leithéid ar dhaltaí/mhic léinn.

### 3. Iompar Gairmiúil

Ba chóir do mhúinteoirí:

- 3.1. seasamh le cáil agus le stádas na gairme
- 3.2. gach céim réasúnta a ghlacadh maidir le cúram daltaí/mac léinn atá faoina maoirseacht, chun a sábháilteacht agus a leas a chinntiú
- 3.3. feidhmiú laistigh den chreat reachtaíochta agus rialachán ábhartha
- 3.4. cloí le polasaithe, le nósanna imeachta agus le treoirlínte a bhíonn comhaontaithe go náisiúnta agus ag leibhéal scoile a mbíonn sé mar chuspóir acu oideachas agus leas na ndaltaí/mic léinn, mar aon le cosaint páistí, a chur chun cinn
- 3.5. tuairisciú, más cuí, ar eachtraí agus ar chúinsí a théann i bhfeidhm ar leas daltaí/mic léinn
- 3.6. cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí/mic léinn, le comhghleacaithe, le tuismitheoirí, le bainistíocht scoile agus le daoine eile i bpobal na scoile ar bhealach gairmiúil, comhoibríoch agus tacúil, atá bunaithe ar iontaoibh agus meas
- 3.7. a chinntiú go mbíonn aon chumarsáid le daltaí/mic léinn, le comhghleacaithe, le tuismitheoirí, le bainistíocht scoile agus le daoine eile, ar a n-áirítear cumarsáid trí mheáin leictreonacha ar nós ríomhphoist, téacs agus láithreáin líonraithe shóisialta, mar is cuí
- 3.8. a chinntiú nach ndéanann siad go feasach ábhair mhíchuí/íomhánna míchuí i bhfoirm leictreonach nó in aon fhoirm eile a rochtain, a íoslódáil nó a bheith acu agus iad i mbun gnóthaí scoile
- 3.9. a dheimhniú nach ndéanann siad ábhair/íomhánna neamhdhleathacha i bhfoirm leictreonach nó in aon fhoirm eile a rochtain, a íoslódáil nó a shealbhú
- 3.10 a chinntiú nach mbíonn siad ag cleachtadh agus iad faoi thionchar aon substaint a laghdaíonn ar a n-ábaltacht chun dul i mbun na múinteoireachta.

### 4. Cleachtas Gairmiúil

Ba chóir do mhúinteoirí:

- 4.1. ardchaighdeán a chothabháil sa chleachtas maidir le foghlaim daltaí/mic léinn, pleanáil, monatóireacht, measúnú, tuairisciú agus aiseolas a sholáthar
- 4.2. leas a bhaint as a gcuid eolais agus a dtaithe chun forbairt iomlánaíoch daltaí/mic léinn a éascú
- 4.3. ionchais shoiléire, dhúshlánacha agus indéanta do dhaltaí/mhic léinn a leagan amach agus a chur in iúl go soiléir
- 4.4. timpeallacht a chruthú inar féidir le daltaí/mic léinn a bheith ina rannphairtithe gníomhacha sa phróiseas foghlama agus inar féidir leo scileanna foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt
- 4.5. straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt a thacaíonn le foghlaim idirdhealaitheach ar bhealach a léiríonn meas ar dhínit an uile dhalta/mhac léinn
- 4.6. treoir a thabhairt dá mbreithiúnas agus dá gcleachtas gairmiúil trí bheith gafa le forbairt daltaí/mic léinn, teoiric foghlama, oideolaíocht, forbairt curaclaim, cleachtas eiticiúil, polasaí oideachasúil agus reachtaíocht, agus trí mhachnamh ar na hábhair sin
- 4.7. i gcomhthéacs comh-mheasúil, a bheith oscailte agus freagrúil d'aiseolas cuiditheach maidir lena gcleachtas agus, más gá, tacaíocht, comhairle agus treoir chuí a lorg
- 4.8. gníomhú ar mhaithe le leas is fearr na ndaltaí/mac léinn.

---

## 5. Forbairt Ghairmiúil

Ba chóir do mhúinteoirí:

5.1. freagracht phearsanta a ghlacadh as cáilíocht a gcleachtas ghairmiúil a chothabháil agus a fheabhsú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a n-oilteacht agus a dtuiscint ghairmiúil a chothabháil go gníomhach lena dheimhniú go mbíonn sé suas chun dáta
- machnamh agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar a gcleachtas, i gcomhthéacs an bhoinn eolais ghairmiúil atá acu
- deiseanna a thapú chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh le linn a dtréimhse sa ghairm.

## 6. Comhghleacaíocht agus Comhoibriú Gairmiúil

Ba chóir do mhúinteoirí:

6.1. oibriú i gcomhpháirt lena gcomh-mhúinteoirí agus le múinteoirí faoi oiliúint ar mhaithe le dea-chleachtas a roinnt, a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dó, mar aon le heispéiris oideachasúla ar an gcaighdeán is airde a chothabháil do dhaltaí/mhic léinn

6.2. comhoibriú le daltaí/mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí, bainistíocht scoile, baill foirne eile, daoine gairmiúla ábhartha eile agus an pobal scoile níos leithne, mar is cuí, chun freastal go héifeachtach ar riachtanais daltaí/mhic léinn

6.3. comhoibriú le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna agus le seirbhísí eile oideachasúla agus tacaíochta, idir sheirbhísí reachtúla agus sheirbhísí neamhreachtúla poiblí, mar is cuí

6.4. páirt a ghlacadh i bpleanáil, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht curaclaim ag leibhéal ranga agus scoile.

